An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán 0059/2022

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Meánscoileanna Aitheanta,
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha
agus chuig
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

Ag Dul ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022

Cur i bhFeidhm Mhargáil Earnála, le héifeacht ón

1 Feabhra 2022 do mhúinteoirí iar-bhunscoile - Íocaíocht Liúntais PME/H.Dip

1. Is mian leis an Aire Oideachais Údaráis Bainistíochta agus Múinteoirí Iar-bhunscoile a chur ar an eolas maidir le cur i bhfeidhm athruithe a bhfuil le déanamh ar liúntais ar leith do mhúinteoirí iar-bhunscoile, ina measc siúd múinteoirí ag obair i suíomhanna nach iar-bhunscoileanna iad (m.sh. suíomhanna breisoideachais) le héifeacht ón 1 Feabhra 2022.

2. Forálann Ag Dul ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022 méadú 1% nó a chomhionann ar bhunthuarastail bhliantúlaithe a bhféadfar cuid díobh nó iad uile a úsáid mar Chiste Mhargáil Earnála nó mar mhéadú ar phá ginearálta ón 1 Feabhra 2022.

3. Maidir leis an gCiste Margántaíochta Earnála, is é an toradh a comhaontaíodh leis na ceardchumainn múinteoireachta iar-bhunscoile ná go n-úsáidfear go páirteach chun íocadh as an éileamh do Mháistreacht Proifisiúnta san Oideachas (PME)/Ard-Dioplóma san Oideachas (H. Dip) do mhúinteoirí nua iontrála áirithe san earnáil iar-bhunscoile.

4. Baineann an socrú seo le múinteoirí in iar-bhunscoileanna agus i suíomhanna breisoideachais áirithe amháin. Ní bhaineann sé le múinteoirí i mbunscoileanna.

5. Eiseofar ciorcláin eile in am agus i dtráth a thabharfaidh léargas ar an toradh beartaithe ar aon éileamh nó dámhachtain atá fós le réiteach, déileálfar leo sin de réir forálacha an Chiste Mhargáil Earnála.

Athruithe ar an bPá-Scála mar gheall ar an Ciste Mhargáil Earnála

6. An athrú atá le cur i bhfeidhm, de réir an chiorcláin seo, ná tabhairt ar ais an Liúntas do Mháistreacht Proifisiúnta san Oideachas (PME)/Ard-Dioplóma san Oideachas (H. Dip) le héifeacht ón 1 Feabhra 2022.

7. Dóibh siúd ar mhúinteoirí cáilithe agus cláraithe mar is cuí de réir Bealach 2 nó ar mhúinteoirí iar-bhunscoile cáilithe mar is cuí de réir Bealach 3 iad atá ag múineadh in iar-bhunscoileanna, suíomhanna breisoideachais, nó i suíomhanna faofa eile a d'imigh leis an múinteoireacht ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2011 agus a íoctar de réir an pá-scála d'iontrálaithe nua (tar éis 1 Eanáir 2011), cuirfear pá-scála leasaithe i bhfeidhm a chuimsíonn luach liúntas do Mháistreacht Proifisiúnta san Oideachas (PME)/Ard-Dioplóma san Oideachas (H. Dip) (Onóracha 1 nó 2) le héifeacht ón 1 Feabhra 2022.

8. Ardófar an scála tuarastail athbhreithnithe d'iontrálaithe nua le go mbeidh an Liúntas do Mháistreacht Proifisiúnta san Oideachas (PME)/Ard-Dioplóma san Oideachas (H. Dip) Onóracha (€1,314) san áireamh ar gach pointe den scála, mar a leagtar amach ag Aguisín 1 le feiceáil thíos.

9. Rachaidh an athrú seo i bhfeidhm ar gach múinteoir iar-bhunscoile Bealach 2 agus Bealach 3 atá cáilithe agus cláraithe mar is cuí agus atá ag múineadh in iar-bhunscoileanna nó i suíomhanna faofa eile, lena n-áirítear suíomhanna Breisoideachais (VTOS, BTEI, PLC, srl.), Ionaid Oideachais, agus Scoileanna Speisialta a bhfuil gné Iar-bhunscoile ag gabháil leo, agus atá ar an pá-scála d'iontrálaithe nua.

10. Cuirfidh na h-oibritheoirí párolla an méadú i bhfeidhm go díreach, agus ní bheidh ar éinne cur isteach air.

11. Cuirfear na leasuithe párolla a shíolraíonn ón gCiorclán seo i bhfeidhm a luaithe is ar féidir, le héifeacht cúlghabhálach ón 1 Feabhra 2022 (nó dáta ceaptha, más i ndiaidh sin atá).

12. Chun amhras ar bith a sheachaint, beidh na scálaí tuarastail do mhúinteoirí mar atá (seachas do mhúinteoirí iar-bhunscoile arbh iontrálaithe nua iad, de réir 9 thuas), liúntais do mhúinteoirí bunscoile, agus na rátaí páirt-aimseartha do mhúinteoirí iar-bhunscoile mar a leagtar amach i gCiorclán 0056/2021 i bhfeidhm fós ón 1 Deireadh Fómhair 2021, agus ní athraíonn an Ciorclán seo in aon chor iad. Mar thoradh ar seo, beidh pá-scálaí éagsúla ann anois d'iontrálaithe nua mar mhúinteoirí iar-bhunscoile agus d'iontrálaithe nua mar mhúinteoirí bunscoile. Leagtar iad seo amach in Aguisíní 1 agus 2 thíos faoi seach.

Athruithe Suntasacha Eile mar chuid den Cur i bhFeidhm

13. Tá líon áirithe múinteoirí iar-bhunscoile arbh iontrálaithe nua iad a fostaíodh idir 1 Eanáir 2011 agus 31 Eanáir 2012 atá ag fáil an liúntas do Mháistreacht Proifisiúnta san Oideachas (PME)/Ard-Dioplóma san Oideachas (H. Dip) cheana féin de bhreis ar an tuarastal. Toisc nach féidir aon dúbailt a bheith ar íocaíocht an liúntais seo, agus toisc go bhfuil an liúntas seo san áireamh anois sa scála pá le héifeacht ón 1 Feabhra 2022, cuirfear an scála pá méadaithe i bhfeidhm agus cuirfear críoch ar an liúntas do na múinteoirí seo ón 1 Feabhra 2022.

14. Tá líon beag múinteoirí ann chomh maith a d'imigh leis an múinteoireacht i ndiaidh gur cuireadh deireadh leis an liúntas do Mháistreacht Proifisiúnta san Oideachas (PME)/Ard-Dioplóma san Oideachas (H. Dip) ón 1 Feabhra 2012 ach a ceapadh ag an pá-scála a bhí ann roimh 2011. An gníomh beartaithe ná go mbeidh na múinteoirí seo in ann cur isteach ar an liúntas atá ann agus socrófar agus cuirfear i gcrích an próiseas

seo le na ceardchumainn a luaithe is ar féidir. Eiseofar ciorclán eile ar an ábhar seo in am agus i dtráth.

Scaipeadh agus Ceisteanna

15. Cinntigh go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird múinteoirí uile lena mbaineann atá fostaithe agat ar an méid atá ann agus iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

16. Is féidir an ciorclán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi https://www.gov.ie/en/circulars/

17. Ba chóir ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a chuir de r-phost, ag luadh Mháistreacht Proifisiúnta san Oideachas (PME)/Ard-Dioplóma san Oideachas (H. Dip) Iar-bhunscoile, go:

    - Múinteoirí Iar-bhunscoileanna: pppayroll@education.gov.ie
    - Múinteoirí Iar-bhunscoile BOO: Roinn AD Cuí

Mark Bohan
Caidreamh Foirne Seachtrach

Sinéad Keenaghan
An Rannóg Párolla

5 Meán Fómhair 2022

Aguisín 1

Scála tuarastail athbhreithnithe incriminteach do mhúinteoirí iar-bhunscoile a d'imigh leis an múinteoireacht ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2011, a bheidh infheidhme le héifeacht ón 1 Feabhra 2022.

An scála athbhreithnithe ón 1 Feabhra 2022 dóibh siúd a ceapadh an 1 Eanáir 2011 nó tar éis an dáta sin	
Pointe	€
1	€39,506
2	€41,049
3	€42,810
4	€43,614
5	€44,746
6	€46,113
7	€47,648
8	€49,194
9	€50,485
10	€52,801
11	€54,248
12	€55,978
13	€57,700
14	€59,435
15	€60,885
16	€62,805
17	€62,805
18	€62,805
19	€65,453
20	€65,453
21	€65,453
22	€65,453
23	€68,952
24	€68,952
25	€68,952
26	€68,952
27	€72,817

AGUISÍN 2:

Tá an scála tuarastail incriminteach do mhúinteoirí bunscoile a chuaigh isteach sa mhúinteoireacht ar 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin leagtha amach thíos:

Scála ón 1 Deireadh Fómhair 2021 dóibh siúd a ceapadh an 1 Eanáir 2011 nó dá éis	
Pointe	€
1	€38,192
2	€39,735
3	€41,496
4	€42,300
5	€43,432
6	€44,799
7	€46,334
8	€47,880
9	€49,171
10	€51,487
11	€52,934
12	€54,664
13	€56,386
14	€58,121
15	€59,571
16	€61,491
17	€61,491
18	€61,491
19	€64,139
20	€64,139
21	€64,139
22	€64,139
23	€67,638
24	€67,638
25	€67,638
26	€67,638
27	€71,503